



English version below

Ábhar fuaimne ar fáil ar shuíomh nua Dúchas.ie

Seoladh leagan nua de shuíomh Dúchas.ie ar a bhfuil ábhar as cartlann fuaimne Chnuasach Bhéalóideas Éireann ag ócáid i Músaem Litríochta na hÉireann (MoLI) ar an 15 Meitheamh.

I measc an ábhair fuaimne atá á chur ar fáil ar líne den chéad uair inniu, tá cuid de **na taifid fuaimne is luaithe** a rinne Coimisiún Béaloideasa Éireann, i lár na 1950idí. Tá idir scéalta, amhráin agus ceol ar ardchaighdeán fuaimne le fáil sna taifid seo. Dhírigh an Coimisiún ar cheantair Ghaeltachta go háirithe sa tréimhse seo, ina measc ceantair Bhreac-Ghaeltachta a raibh an Ghaeilge ag dul i léig iontu. Sampla maith is ea Máire Cleary (née Ní Shúilleabháin) a saolaíodh i mBeantraí, Contae Chorcaí, ag casadh [An Droimeann Donn Dilis](#). Sampla eile is ea [cuntas luachmhar ar an mbuailteachas](#) in Oileán Acla, seanchleachtas feirmeoireachta a mhair in áiteanna in Éirinn anuas go dtí tús an fichiú haois. Cuirfear leis an mbailiúchán fuaimne de réir a chéile.

Cuireadh **sraith forbairtí** i bhfeidhm ar an suíomh freisin a chuirfidh lena áisiúlacht. I measc na bhforbairtí seo tá feabhas ar na cuardaigh, [léarscáil nua](#) le scéalta agus grianghraif a aimsiú, agus cuardach de réir tíopaí béaloidis agus de réir chatalóg Aarne-Thompson.

Mar chuid den obair, cuireadh [cnuasach béaloidis Sheáin Mhic Mhathúna](#) (John Mac Mahon) (1876-1949), bailitheoir béaloidis le Coimisiún Béaloideasa Éireann as an Luach Thuaidh, Dúlainn, Co. an Chláir, ar fáil ar dúchas.ie tar éis don Dr Michelle Dunne a taighde dochtúireachta a chur i gcrích le déanaí. Baineann an t-ábhar leis na 1930idí agus 1940idí. (Féach preasráiteas eile [anseo](#) mar gheall air sin.)

Agus é ag seoladh an ábhair, dúirt an Dr Aodhán Mac Cormaic, Stiúrthóir na Gaeilge sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, “Is cúis bróid don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán go bhfuilimid ag tacú le Dúchas.ie le roinnt mhaith blianta anois. Tá an togra tábhachtach seo ag teacht faoi bhláth anois agus é ag tabhairt léargais do phobal na tíre ar an saibhreas cultúir agus teanga a bhí ag ár sinsir. Cuirfidh an chartlann fuaimne atá á seoladh inniu go mór leis an mbailiúchán digiteach seo agus spreagfaidh sí spéis nua sa mbailiúchán i measc dhiaspóra na hÉireann agus iad siúd atá sa



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media



STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAELGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

mbaile chomh maith. Molaim go mór an fhoireann ildánach atá taobh thiar den togra as a dtiomantas agus a ndíograis agus iad ag tabhairt faoin obair.”

Tá ceithre bhailiúchán ar shuíomh Dúchas anois. Is éard atá sa Phríomhbhailiúchán Lámhscríbhinní 2,400 imleabhar ceangailte d’ábhar a bailíodh ó 1932 i leith. Bhailigh bailitheoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha formhór an ábhair faoi scáth Choimisiún Béaloideas Éireann (1935–1971). I nGaeilge atá timpeall dhá thrían den ábhar a chuimsíonn gach gné de thraidisiún béil na hÉireann. Tá an t-ábhar seo á dhigitiú go leanúnach mar chuid den tionscadal. I measc an ábhair eile atá ar fáil ar dúchas.ie cheana, tá Bailiúchán na Scol, ábhar ó gach ceann de na 26 contae a ghlac páirt i Scéim na Scol in 1937-39, mar aon le beagnach 13,000 grianghraf ón mBailiúchán Grianghraf. Is é an Bailiúchán Fuaime an ceathrú bailiúchán. Cuireadh tús le [Meitheal Dúchas.ie](http://MeithealDúchas.ie) in Earrach 2015, tionscadal tras-scríofa atá ar cheann de na tograí sluafhoinsithe is rathúla dá leithéid ar domhan. Tá breis agus 430,000 leathanach tras-scríofa go deonach ag baill na Meithle go n-uige seo.

Is áis iontach é dúchas.ie dóibh siúd a chuireann suim i léann an bhéaloidis, sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i mórán réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach de réir áiteanna, de réir daoine agus de réir topaicí, agus tá ábhar ann ó nach mór gach paróiste sa tír. Toradh é dúchas.ie ar chomhpháirtíocht idir Cnuasach Bhéaloidis Éireann in UCD, Leabharlann Dhigiteach UCD, agus Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal bailiúcháin uile Chnuasach Bhéaloidis Éireann a dhigitiú agus a chur ar fáil don phobal ar líne. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, agus ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, le cabhair airgeadais ó Fhondúireacht Bhéaloidis Éireann agus ó Chomhairle Bhéaloidis Éireann ag UCD.

CRÍOCH

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le eolas@dúchas.ie.



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media



S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAELGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

Sound recordings available on new Dúchas.ie site

A new version of the Dúchas.ie site featuring material from the Irish Folklore Collection audio archive was launched at an event in the Museum of Literature Ireland (MoLI) on 15 June.

Among the material made available online for the first time today are some of the earliest audio recordings by the Irish Folklore Commission, in the mid-1950s. The recordings contain stories, songs and music. The Commission focused on Gaeltacht areas in particular in this period, including Breac-Gaeltacht areas where the Irish language was dying out. A good example is Máire Cleary (née Ní Shuilleabháin) who was born in Bantry, County Cork, singing [An Droimeann Donn Dilis](#). Another example is [an account of transhumance in Achill Island](#), an old farming practice that lasted in parts of Ireland until the beginning of the twentieth century. The audio collection will be added to gradually.

The dúchas.ie site has also been further developed. These developments include improved searches, [a new map](#) for finding stories and photos, and search by folklore types and the Aarne-Thompson catalogue.

[The folklore collection of Seán Mac Mathúna](#) (John Mac Mahon) (1876-1949), a collector with the Irish Folklore Commission from Luogh North, Doolin, Co. Clare, has been made available following the completion of Dr Michelle Dunne's doctoral research on the subject. The material is from the 1930s and 1940s. (See another press release about that [here](#).)

Launching the material, Dr Aodhán Mac Cormaic, Director of Irish in the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sports and Media said, "The Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sports and Media is proud that we have been supporting Dúchas.ie for some years now. This important project is flourishing as it gives the public an insight into the richness of the culture and language of our ancestors. The Audio Archive being launched today will be a great addition to this digital collection and will stimulate new interest in the collection amongst the Irish diaspora as well as those back home. I highly commend the multifaceted team behind the project for their commitment and enthusiasm in undertaking the work."

There are now four collections on the Dúchas site. The Main Manuscript Collection consists of 2,400 bound volumes of material collected since 1932. Most of the material was collected by full-time and part-time collectors under the aegis of the Irish Folklore Commission (1935–1971). About two-thirds of the material is in Irish, covering all aspects of the Irish oral tradition. This collection is being digitized as part of the project. Other material already available on dúchas.ie includes the Schools Collection (material from each of the 26 counties that participated in the Schools Scheme in 1937-39), and nearly 13,000 photographs from the Photographic Collection. The Sound Collection is the fourth collection. Meitheal Dúchas.ie was started in Spring 2015, a



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media



S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

transcription project that is one of the most successful crowdsourcing projects of its kind in the world. Members of the Meitheal have voluntarily transcribed over 430,000 pages to date.

Dúchas.ie is a great resource for those interested in folklore, local history, archaeology, genealogy, linguistics and many other areas of research. The collection can be searched by place, by person and by topic, and there is material from almost every parish in the country. Dúchas.ie is the result of a partnership between the National Folklore Collection in UCD, the UCD Digital Library, and Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU. The aim of the project is to digitize the National Folklore Collection and to make it available to the public online. The project is co-financed by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media with support from the National Lottery, and by University College Dublin, including the Folklore Council of Ireland at UCD, with support from the National Folklore Foundation.

ENDS

For more information, contact eolas@duchas.ie



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media



STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal